

Leasú 68

József Nagy, Jeroen Lenaers
thar ceann Ghrúpa PPE

Tuarascáil**A8-0356/2018****Tanja Fajon**

Rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach
(COM(2017)0571 – C8-0326/2017 – 2017/0245(COD))

Togra le haghaidh rialacháin**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 c (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 2016/399
Airteagal 29(2)

*An téacs atá ann**Leasú*

(3c) In Airteagal 29(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

2. Féadfaidh an Chomhairle mar rogha dheiridh agus mar bheart chun na leasanna coiteanna a chosaint sa limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha, i gcás ina bhfuil na bearta eile go léir, go háirithe na cinn dá dtagraítear in Airteagal 21(1), gan éifeacht maidir leis an mbaol tromchúiseach a aithníodh a mhaolú, moladh a dhéanamh go ndéanfadh Ballstát amháin nó níos mó díobh cinneadh rialú teorann a athbhunú ag a dteorainneacha inmheánacha uile nó ag codanna sonracha dá dteorainneacha inmheánacha. Bunófar moladh na Comhairle ar thogra ón gCoimisiún. Féadfaidh na Ballstáit iarraidh ar an gCoimisiún togra mar sin a chur faoi bhráid na Comhairle chun moladh a fháil.

2. Féadfaidh an Chomhairle mar rogha dheiridh agus mar bheart chun na leasanna coiteanna a chosaint sa limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha, i gcás ina bhfuil na bearta eile go léir, go háirithe na cinn dá dtagraítear in Airteagal 21(1), gan éifeacht maidir leis an mbaol tromchúiseach a sainaithníodh a mhaolú, moladh a dhéanamh go ndéanfadh **na Ballstáit sin a bhfuil teorainneacha inmheánacha á roinnt acu leis an mBallstát ina bhfuil easnaimh thromchúiseacha fós** rialú teorann a athbhunú ag a dteorainneacha inmheánacha uile nó ag codanna sonracha dá dteorainneacha inmheánacha **a roinneann siad leis an mBallstát sin**. Bunófar moladh na Comhairle ar thogra ón gCoimisiún. Féadfaidh na Ballstáit iarraidh ar an gCoimisiún togra mar sin a chur faoi bhráid na Comhairle chun moladh a fháil.

Or. en

21.11.2018

A8-0356/69

Leasú 69

József Nagy, Jeroen Lenaers
thar ceann Ghrúpa PPE

Tuarascáil

A8-0356/2018

Tanja Fajon

Rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach
(COM(2017)0571 – C8-0326/2017 – 2017/0245(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 1a

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fógraí arna ndéanamh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 27 de Chód Teorainneacha Schengen ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Aon tréimhse fógartha leanúnaí i gcomhair athbhunú nó fadú i dtaca le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a bheidh thart roimh ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfear san áireamh í chun na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 25(4), agus Airteagal 28(4) a ríomh.

Or. en